2025. M6 2025L001G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Gaeilge

Páipéar 2

Gnáthleibhéal

Dé Máirt 10 Meitheamh Maidin 9:30 – 11:50

200 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2025 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

**Ceist 1: An Léamhthuiscint (100 marc)**
Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

**Ceist 2: An Prós (50 marc)**
Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

**2A.** Prós Ainmnithe (leathanach 8)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**2B.** Prós Roghnach (leathanach 9)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**Ceist 3: An Fhilíocht (50 marc)**
Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

**3A.** Filíocht Ainmnithe (na leathanaigh 10 – 12)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**3B.** Filíocht Roghnach (leathanach 13)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

| Ceist 1 | Léamhthuiscint | 100 marc |
| --- | --- | --- |

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – 50 marc**


Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha, 2024

**1.** Bhí na Cluichí Oilimpeacha ar siúl i bPáras na Fraince an samhradh seo caite. Bhí searmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha difriúil le blianta eile mar den chéad uair riamh, ní raibh sé ar siúl istigh i staid. Iompraíodh na foirne ó na náisiúin éagsúla ar bháid ar feadh sé chiliméadar ar abhainn na Séine. Bhí baill d’fhoireann na hÉireann ar bhád uimhir tríocha a sé sa pharáid. D’iompair an galfaire Shane Lowry agus an cliathreathaí Sarah Lavin bratach na hÉireann ar an mbád sin. Bhí taispeántais iontacha cheoil, damhsa agus amhránaíochta ar siúl mar chuid den searmanas oscailte. Ardaíodh an bhratach Oilimpeach ag an Trocadéro trasna ó Thúr Eiffel. Lasadh an coire leis an tóirse Oilimpeach i nGairdín Tuileries. Ansin, ardaíodh an coire, agus an bhladhm Oilimpeach ar lasadh istigh ann, suas san aer os cionn na cathrach agus é ceangailte de bhalún te. Bhí tús oifigiúil curtha leis na Cluichí Oilimpeacha.

**2.** Céad tríocha a trí lúthchleasaí a bhí ar fhoireann Oilimpeach na hÉireann a seoladh chuig na Cluichí Oilimpeacha i bPáras in 2024, an líon is mó a bhí ar fhoireann Oilimpeach as an tír seo riamh. Bhí na lúthchleasaithe go léir bródúil as a n-áit a fháil ar an bhfoireann. Chun cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha ina rogha spóirt, lean siad sceideal dian traenála. Thraenáil siad leis na cóitseálaithe is fearr in ionaid bharrfheabhais spóirt. D’éirigh leo na caighdeáin riachtanacha Oilimpeacha a bhí leagtha síos a bhaint amach sna comórtais cháilithe. Ansin, bhí na lúthchleasaithe iontacha lán de dhóchas go dtabharfaidís boinn abhaile leo.

**3.** D’éirigh le foireann Oilimpeach na hÉireann seacht mbonn san iomlán a bhuachan, níos mó bonn ná mar a bhuaigh aon fhoireann Oilimpeach as an tír seo riamh roimhe sin. Bhuaigh siad boinn sa rámhaíocht, sa snámh, sa dornálaíocht agus sa ghleacaíocht. Tá áit faoi leith bainte amach ag an rámhaí Paul O’Donovan i stair na gCluichí Oilimpeacha sa tír seo mar is é an chéad Éireannach riamh é a bhuaigh bonn trí huaire as a chéile ag na Cluichí Oilimpeacha. Bhuaigh sé féin agus Fintan McCarthy an bonn óir i gcomórtas na mbád beirte éadrom-mheáchain i bPáras. Rinne an bheirt Chorcaíoch an gaisce céanna ag na Cluichí i dTóiceo. Chomh maith leis sin, d’éirigh le Paul bonn airgid a bhaint amach lena dheartháir Gary ag na Cluichí in Rio in 2016. Bhuaigh Rhys McClenaghan an chéad bhonn Oilimpeach riamh sa ghleacaíocht d’Éirinn ag na Cluichí i bPáras. Thug McClenaghan taispeántas snasta sa bhabhta ceannais ar an gcapall corr agus bhuaigh sé an bonn óir ann.



**4.** Rinne RTÉ clúdach fairsing ar na Cluichí Oilimpeacha ar an teilifís, ar an raidió agus ar na seirbhísí sruthaithe. Chinntigh clúdach fairsing RTÉ ar na cluichí go raibh muintir na hÉireann sa bhaile in ann iomlán an aicsin ó na comórtais éagsúla a fheiceáil chomh maith le hanailís ar na comórtais agus

agallaimh leis na lúthchleasaithe a chloisteáil. Ba í troid an dornálaí Kellie Harrington i mbabhta ceannais seasca cileagram na mban a mheall an lucht féachana ba mhó ar RTÉ2. Thosaigh an ceiliúradh nuair a fógraíodh Kellie mar sheaimpín Oilimpeach ag deireadh na troda. Bhí Kellie féin ag rince san fháinne agus bhí a lucht leanúna sa staid ag canadh agus ag luascadh bhratacha na hÉireann san aer. Is í Kellie Harrington an chéad bhean Éireannach a bhuaigh bonn óir dhá uair as a chéile ag na Cluichí Oilimpeacha.

**5.** Sheol Éire tríocha a cúig lúthchleasaí chuig na Cluichí Parailimpeacha i bPáras anuraidh. Bhí bród ar mhuintir na hÉireann as na sárthaispeántais a thug na lúthchleasaithe Parailimpeacha ina spóirt féin. Sé bhonn ar fad a bhuaigh na lúthchleasaithe Parailimpeacha sin. Ba iad buaiteoirí na mbonn ná Katie-George Dunlevy in éineacht le Linda Kelly agus Eve McCrystal sa rothaíocht, Róisín Ní Riain sa snámh agus Orla Comerford sa lúthchleasaíocht. Tá an t-ullmhúchán tosaithe cheana féin ag ár lúthchleasaithe Oilimpeacha agus Parailimpeacha do na chéad Chluichí eile in Los Angeles in 2028. Tá gealltanas tugtha ag an rialtas go mbeidh méadú ar an infheistíocht airgid a chuirfear ar fáil do na lúthchleasaithe sin. Cabhróidh an infheistíocht bhreise sin ón rialtas chun seirbhísí cóitseála d'ardchaighdeán agus áiseanna traenála den chéad scoth a chur ar fáil do na lúthchleasaithe agus iad ag iarraidh cáiliú do na Cluichí in 2028. Táimid go léir ag súil cheana féin go mbuafaidh ár réaltaí spóirt Oilimpeacha agus Parailimpeacha níos mó bonn in Los Angeles in 2028.

**1.** (a) Cén rud faoi shearmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha i bPáras a bhí difriúil le blianta eile? (Alt 1)

(b) Cad a tharla don choire a raibh an bhladhm Oilimpeach ar lasadh istigh ann? (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Scríobh síos an **dá** phíosa eolais faoi líon na lúthchleasaithe a bhí ar fhoireann Oilimpeach na hÉireann a seoladh chuig na Cluichí Oilimpeacha i bPáras in 2024. (Alt 2)

(b) Luaigh **dhá** rud a bhí ar na lúthchleasaithe a dhéanamh chun cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha ina rogha spóirt. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cén fáth a bhfuil áit faoi leith bainte amach ag an rámhaí Paul O'Donovan i stair na gCluichí Oilimpeacha sa tír seo? (Alt 3)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais a thugtar faoin ngleacaí Rhys McClenaghan ag na Cluichí Oilimpeacha i bPáras. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Cad a chinntigh clúdach fairsing RTÉ ar na Cluichí Oilimpeacha do mhuintir na hÉireann sa bhaile? (Alt 4)

(b) Conas a rinne Kellie Harrington agus a lucht leanúna ceiliúradh sa staid nuair a fógraíodh í mar sheaimpín Oilimpeach ag deireadh na troda? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Cén fáth a raibh bród ar mhuintir na hÉireann as lúthchleasaithe Parailimpeacha na tíre seo ag na Cluichí Parailimpeacha i bPáras anuraidh? (Alt 5)

(b) Conas a chabhróidh an infheistíocht bhreise ón rialtas leis na lúthchleasaithe agus iad ag iarraidh cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha in 2028? (Alt 5)

(10 marc)

**B – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Páirc an Fhionnuisce

**1.** Sa lá atá inniu ann, tá cáil ar Pháirc an Fhionnuisce mar is í an pháirc chathrach is mó san Eoraip í a bhfuil balla timpeall uirthi. Thug an Rí Séarlas II cead an pháirc a chruthú mar pháirc ríoga le haghaidh seilg fianna sa seachtú haois déag. Ag tús an naoú haois déag bhí droch-chaoi ar an bpáirc. Chuir an t-ailtire Decimus Burton plean le chéile chun feabhsuithe a dhéanamh sa pháirc. Faoi phlean Decimus Burton, cuireadh na mílte crann, cuireadh feabhas ar an draenáil, rinneadh athchóiriú ar an mballa teorann agus tógadh bóithre nua. Bhí stoirm mhór ann in 1903 agus scriosadh go leor crann sa pháirc. Le himeacht na mblianta, cuireadh crainn agus toir nua inti.

**2.** Is iomaí foirgneamh stairiúil atá i bPáirc an Fhionnuisce. Is é Caisleán Bhaile an Ásaigh an foirgneamh is sine sa pháirc. Túrtheach ó na meánaoiseanna is ea an caisleán atá athchóirithe agus oscailte don phobal anois. Is foirgneamh míleata é Dún na hArmlainne a tógadh san ochtú haois déag. Bhíodh an dún á úsáid ag rialtas na Breataine ar dtús mar stór armlóin agus níos déanaí ag Saorstát Éireann. Níl an dún in úsáid a thuilleadh. Tá cúpla áras cónaithe tábhachtach sa pháirc chomh maith. Tá Áras an Uachtaráin, áit chónaithe oifigiúil Uachtarán na hÉireann, ann chomh maith le háras cónaithe Ambasadóir na Stát Aontaithe chun na hÉireann. Mar aon leis na foirgnimh agus na hárais sin, tá Zú Bhaile Átha Cliath suite sa pháirc. Osclaíodh an zú in 1831 agus tá sé ar cheann de na zúnna is sine ar domhan. Tá níos mó ná ceithre chéad ainmhí ó ghnáthóga difriúla ar fud an domhain ann faoi láthair.

**3.** Tá níos mó ná seacht gcéad heicteár ar fad i bPáirc an Fhionnuisce. Tá meascán de thailte féir, de choillte, de lochanna agus de bhogaigh sa pháirc. Tá a lán fiadhúlra sa pháirc. Is é an fia buí an t-ainmhí is tábhachtaí sa pháirc agus tá tréad mór fianna buí inti. Tá éagsúlacht mhór crann agus plandaí le fáil sa pháirc. Is iomaí speiceas éagsúil éan a bhíonn le feiceáil sa pháirc. Tagann a lán daoine chuig an bpáirc chun taitneamh a bhaint as an spás glas, as an tírdhreach nádúrtha agus as an atmaisféar síochánta inti. Bíonn daoine ag iarraidh radharc a fháil ar na fianna. Is láthair caitheamh aimsire í an pháirc do dhaoine chomh maith.



**4.** Is iomaí imeacht mór a bhí ar siúl i bPáirc an Fhionnuisce in imeacht na mblianta. Ceann de na himeachtaí móra sin ba ea cuairt an Phápa Eoin Pól II ar an bpáirc i mí Mheán Fómhair 1979. Léigh an Pápa Aifreann sa pháirc. Bhí níos mó ná milliún duine i láthair ag an Aifreann sin. Tógadh Cros an Phápa sa pháirc in ómós don ócáid. Bíonn ceolchoirmeacha agus imeachtaí carthanachta éagsúla ar siúl go minic sa pháirc. Sheinn an t-amhránaí cáiliúil Ed Sheeran sa pháirc in 2018. Is láthair í Páirc an Fhionnuisce d'imeachtaí spóirt chomh maith. Eagraíonn cumainn spóirt cluichí Gaelacha agus cluichí sacair sna páirceanna imeartha éagsúla atá inti. Tá club cruicéid agus póló sa pháirc chomh maith. Bíonn comórtais lúthchleasaíochta ar siúl inti go rialta.

**5.** Tá Páirc an Fhionnuisce faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí. Caithfear carachtar

| | |
|---|---|
| stairiúil, dúlra agus síocháin na páirce a chosaint. Chomh maith leis sin, caithfear meas ar an dúlra a chothú i ngach duine a thugann cuairt ar an bpáirc. I mí Iúil 2024, cuireadh feachtas speisialta ar bun chun na fianna a chosaint sa pháirc. Mar chuid den fheachtas speisialta seo, iarrtar ar dhaoine fanacht siar caoga méadar ó na fianna agus gan bia a thabhairt dóibh. Chomh maith leis sin, tá súil ag Oifig | na nOibreacha Poiblí áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do dhaoine a thugann cuairt ar an bpáirc. Tá pleananna curtha le chéile acu freisin chun cúrsaí sábháilteachta sa pháirc a fheabhsú. I measc na bpleananna sin, tá sé ar intinn acu níos mó cosán agus lánaí rothaíochta a thógáil, na bóithre a fheabhsú agus gearradh siar ar an méid tráchta a théann tríd an bpáirc. |

**1.** (a) Cén fáth a bhfuil cáil ar Pháirc an Fhionnuisce sa lá atá inniu ann? (Alt 1)

(b) Luaigh **dhá** rud a rinneadh faoi phlean Decimus Burton i bPáirc an Fhionnuisce. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Cén úsáid a baineadh as Dún na hArmlainne fadó? (Alt 2)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi Zú Bhaile Átha Cliath atá suite i bPáirc an Fhionnuisce. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi na tailte atá i bPáirc an Fhionnuisce. (Alt 3)

(b) Luaigh **dhá** chúis a dtagann a lán daoine go Páirc an Fhionnuisce. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi chuairt an Phápa Eoin Pól II ar Pháirc an Fhionnuisce i mí Mheán Fómhair 1979. (Alt 4)

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi imeachtaí spóirt i bPáirc an Fhionnuisce. (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Scríobh síos an **dá** rud a iarrtar ar chuairteoirí a dhéanamh mar chuid den fheachtas speisialta chun na fianna a chosaint sa pháirc. (Alt 5)

(b) Luaigh **dhá** rud atá i bpleananna Oifig na nOibreacha Poiblí chun cúrsaí sábháilteachta sa pháirc a fheabhsú. (Alt 5)

(10 marc)

## Ceist 2 — Prós – Ainmnithe nó Roghnach — 50 marc

Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

| 2A | PRÓS AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** Freagair an cheist thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

**Dís**

'Tá sé ansan anois os comhair do dhá shúl. Mise duine des na mná a bhí sa tsuirbhé sin.'
Déan cur síos ar an gcomhrá a bhí idir Seán agus a bhean chéile an tráthnóna sin.

(25 marc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

**Oisín i dTír na nÓg**

'Shil na deora frasa anuas le grua Oisín agus phóg sé a athair go caoin.'
Déan cur síos ar an saghas saoil a bhí ag Oisín ón uair a d'fhág sé Fionn agus na Fianna go dtí deireadh an scéil.

(25 marc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

**Hurlamaboc**

'Fiche bliain ó shin a pósadh Lisín agus Pól. Bheadh an ócáid iontach á ceiliúradh acu i gceann seachtaine.'
Déan cur síos ar an gcineál saoil a bhí ag Lisín ó pósadh í fiche bliain ó shin.

(25 marc)

| 2B | PRÓS ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghearrscéal sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal béaloidis sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús go deireadh an scéil.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil béaloidis sin a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghiota sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin sa ghiota.

(23 marc)

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

## Ceist 3 | Filíocht – Ainmnithe nó Roghnach | 50 marc

Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

### 3A FILÍOCHT AINMNITHE 50 marc

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

(i) (a) Cén bláth a luann an file i véarsa a haon?
(b) Cad a deir an file faoi na nóiníní i véarsa a dó?
(c) Scríobh síos **dhá** rud a deir an file faoi ghruaig an fhir i véarsa a ceathair.

(8 marc)

(ii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoi shúile an fhir i véarsa a trí den dán.

(8 marc)

(iii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a cúig den dán.

(9 marc)

**Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

Níl mo ghrá-sa
mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóiníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora fíniúna).

**(b) An tEarrach Thiar**

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a dó den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, **dhá** phointe eolais faoi na mná i véarsa a trí.

(8 marc)

(iii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den *churrach* a thugann an file dúinn i véarsa a ceathair.

(9 marc)

**An tEarrach Thiar**

Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
    Binn an fhuaim
    San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
    Niamhrach an radharc
    San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
    Támh-radharc síothach
    San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
    San Earrach thiar.

**(c) Colscaradh**

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** rud a theastaíonn ón bhfear ina shaol pósta i véarsa a haon den dán.

(8 marc)

(ii) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin gcineál duine í an bhean i véarsa a dó.

(8 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

**Colscaradh**

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

| 3B | FILÍOCHT ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.
**Níl cead an dán roghnach céanna** a úsáid **faoi dhó** sna freagraí ar (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** as an dán atá suimiúil, dar leat.
Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin.

(7 marc)

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

(iii) Scríobh síos an rud is mó a thaitníonn leat sa dán seo. Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos, **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin sin.

(9 marc)

(ii) Roghnaigh íomhá (pictiúr) **amháin** a úsáideann an file sa dán seo. Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Téacsanna**
Leathanaigh 6-7: https://www.phoenixpark.ie
https://www.dublinzoo.ie

**Íomhánna**
Leathanach 4: https://www.skysports.com/olympics/news/15234/13190233/olympics-2024-rhys-mcclenaghan-wins-historic-gymnastics-gold-for-ireland-as-max-whitlock-finishes-fourth
Leathanach 6: https://www.heritageireland.ie/places-to-visit/phoenix-park-biodiversity-centre/

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 2

Dé Máirt 10 Meitheamh
Maidin 9:30 – 11:50